

CUAIRTEOIRÍ NACH RAIBH FÁILTE ROMPU

Ó, nach aoibhinn an mhaidin í!
Ó nach breá an lá é!

Ní fhacthas lá chomh breá leis riamh i mbaile mór Byköping na Sualainne. Ní i mí Mheán Fómhair ar aon chuma. Spéir gan teimheal agus teas ón ngrian. Ní raibh puth as aer.

Bhí a gcuid clog cuaiche curtha chun suain ag pobal an bhaile ar mhaithe le dreas codlata a fháil i lár an lae, gan aon chur isteach orthu ón éinín glórach sin.

Bhí sé meirbh sa stáisiún traenach chomh maith agus an máistir stáisiúin, Mac an Traonaigh, leath ina chodladh sa chathaoir luascach. D'éalaigh srann uaidh anois is arís faoin gcóip den nuachtán a chlúdaigh a aghaidh, nuachtán a bhí curtha in eagar go slachtmhar ag Agatán Sacs, an *Byköpings Post*. B'fhíor a raibh ráite sna fógraí ina thaobh:

AN NUACHT IS DÉANAÍ
ÓN NUACHTÁN BEAG
MÓR LE RÁ

Ag súil le traein 3545 ó Stócólm a bhí Mac an Traonaigh

agus gan aon choinne aige lena raibh i ndán dó. Ní raibh tuairim faoin spéir ghorm aige go raibh beirt phaisinéirí uafásacha ar Thraein úd 3545 ó Stócólm agus Byköping mar cheann scríbe acu.

Dá mbeidís feicthe agatsa, a léitheoir dhil, le do dhá shúil ghéara, déarfá leat féin, ‘Dar fia! Is coirpigh idirnáisiúnta iad sin, mura bhfuil breall orm.’

Conas nár thug an garda faoi deara é, nó an garda cúnata, nó an tiománaí traenach? Caithfidh go raibh croiméil bhréige ar na bithiúnaigh nuair a bhordáladar an traein i Stócólm agus gur bhaineadar díobh ansin iad toisc an carráiste traenach a bheith chomh teolaí is a bhí.

Má ba choirpigh iad sa chéad áit, ar ndóigh...

Ina suí sa chúinne cois fuinneoige a bhíodar. Go tobann, shín duine acu lámh i dtreo a chóta fearthainne, a bhí ar crochadh de chrúca laistiar de. Thóg sé mapa amach as ceann de na pócaí ann, d’oscail amach é, dhírigh ar spota beag ann, agus ar seisean i mBéarla:

‘Táimid ag teannadh anois le Byköping. Ba cheart go mbeimis ann i gceann seacht nóiméad.’

Níor fhreagair an fear eile. Ag stánadh amach an fhuinneog a bhí sé. Ach ní ag breathnú ar an radharc a bhí sé, ná sult á bhaint aige as agus an traein ag deifriú léi i dtreo imeall an bhaile.

Ba léir gur ar misean an-tábhachtach a bhí an bheirt fhear seo; bhí cuma chomh lándáiríre orthu beirt go gceapfá go mba é an misean ba chinniúnaí riamh ina saol é.

‘Byköping an chéad stad eile,’ a d’fhógair an garda.

Gheit an bheirt. A gcoinsias ag cur as dóibh, ab ea?

Sheasadar. Thóg a gcuid málaí, a raibh smál taistil orthu, anuas ón raca bagáiste agus amach leo go dtí an pasáiste.

Ba iad an t-aon bheirt a thuirling ar ardán Byköping iad. Thugadar féachaint mhaith ar Mhac an Traonaigh, a bhí lán ina dhúiseacht faoin am sin agus é réidh, brat ina lámh aige, chun comhartha imeachta a thabhairt don traein. Isteach leis an mbeirt i mBialann an Stáisiúin agus shuíodar chun boird. Leathadar an mapa ar an éadach boird.

‘Cá bhfuilimid?’ arsa duine acu.

‘Anseo,’ arsa an fear eile, agus dhírigh méar ar spota beag ar an mapa. Ach bhí spéis cailte cheana ag fear curtha na ceiste sa scéal, de réir dealraimh.



Phioc sé foclóir beag amach as a phóca agus leag ar an mbord é. Tháinig an freastalaí. D’fhiafraigh sé díobh go béasach cad a bhí ag teastáil uathu. Labhair fear an fhoclóra agus is lofa a bhí a chuid Sualainnise:

‘Cúpla damh mionaithe, más é do mhór-thoil é, a gharsúin.’

‘Damh? Damh mionaithe?’ arsa an freastalaí agus alltacht air.

‘Sea go díreach, vänligen. Nó damh rósta má tá a leithéid agat.’

Thuig an fear eile go raibh a chompánach tar éis praiseach a dhéanamh den ordú. Thug sé féachaint fheanntach air. D’iompaigh sé ar an bhfreastalaí ansin, agus labhair cúpla focal leis. Ní raibh a chuid Sualainnise pioc níos fearr ná Sualainnis a charad, ach d’éirigh leis é féin a chur in iúl mar sin féin. Thuig an freastalaí é.

‘Ní damh ach muc a theastaigh uaidh a rá. Muc, sea. Tuigeann tú féin.’

Tháinig anraith ar ball agus píosaí beaga muiceola tríd. D’itheadar le fonn é. Ní raibh faic ite acu ó d’fhágadar Londain seacht n-uaire an chloig is daichead roimhe sin. Chríochnaíodar an t-anraith gan smid eile as a mbéal.

D’íocadar as an súp, amach an doras agus síos an tSráid Ard leo go mall. Dá mba bhreathnóir oilte a bhí ionat bheadh tugtha faoi deara agat óna bpócaí bolgtha go raibh gunnán ag an mbeirt acu.

Agus dá mba bhreathnóir oilte a bhí ionat, gach seans go gcuirfí scéin ionat dá n-aithneofá an bheirt sin ón bpóstaer a bhí ar crochadh i Stáisiún na bPóilíní ag bun na mórshráide céanna:


Á LORG

Tá beirt de na coirpigh idirnáisiúnta is dainséaraí
ar domhan á lorg ag na póilíní:
JULIUS MOSCA agus OCHTAPAS SCOTT

Is ceannasaithe iad ar bhuíonta éagsúla!
Caithfead iad a ghabháil láithreach má thagtar orthu!



Julius Mosca



Ochtapas Scott

Is máistrí ar bhréagrioctaí iad.
Déileálfaidh na fórsaí póilíneachta ar bhonn
lándáiríre le blúire eolais nó nod ar bith, dá laghad é.
Tuairiscigh ábhar amhrasach ar bith láithreach
chuig Clós na hAlban, nó Agatán Sacs!
NÁ BÍ AG SMAOINEAMH AIR. DÉAN ANOIS É!
Tá TÁILLE AIRGID ar fáil ar eolas ar bith a chabhróidh
linn teacht ar Julius Mosca agus Ochtapas Scott.
Tuilleadh eolais ó:
Stáisiún na bPóilíní Byköping
Sínithe ag
Antonsson (Cigire)

Dá gcuirfeá na póstaer i gcomparáid le pus na beirte ar an mórshráid, thuigfeá láithreach cé a bhí agat. Ní fhéadfadh éinne eile a bheith ann ach Julius Mosca agus Ochtapas Scott.

I Stáisiún na bPóilíní, bhí an Cigire Antonsson ag comhlánú foirmeacha, mar ba ghnách leis. Bhí tuairisc á scríobh aige ar chúpla rud aisteach a fágadh ar an gcosán sa tSráid Thoir. Bhí an ceathrú colún d’Fhoirm 5A díreach comhlánaithe aige. Bhreathnaigh sé suas agus de réir Chlog an Stáisiúin bhí sé 15:27.

Chuir Antonsson a bhadhró i leataobh. Cad a spreag é chun éirí ag an nóiméad sin dá chathaoir — nach ait an rud é — é féin a shearradh, agus siúl go mall i dtreo an dorais? D’oscail sé an doras agus amach leis faoi theas na gréine. Ghabh cuileoigín thar a leiceann clé. Bhain sé searradh eile as féin agus tháinig méanfach air ansin.

Láithreach bonn d’athraigh an mhéanfach ina stánadh alltachta. Bhí an bheirt choirpeach tugtha faoi deara aige. Sheas sé ansin ina staic ar feadh cúpla soicind, a bhéal ar leathadh, a ghéaga sínte os cionn a chloiginn fhada chaoil.

Ar aghaidh leis an mbeirt go mall ach go diongbháilte. Ba dhóigh leat go raibh an teas imithe ón lá ag loinnir fhuar a gcuid súl.

Chuaigh cúpla míle smaoineamh ag rásaíocht trí inchinn Antonsson. Agus ansin, tar éis mór-iarrachta, chroith sé de an phairilis alltachta a tháinig air agus ar ais leis de rúid chun na hoifige. Chaith sé é féin i dtreo an ghutháin, agus lena chormhéar — a bhí ar crith ar nós an diabhair — dhiailigh sé uimhir an *Byköpings Post*. Bhí air labhairt go práinneach le hAgatán Sacs.

Ina shuí ag a dheasc san oifig eagarthóireachta sa tSráid Ard a bhí Agatán Sacs, tamaillín gairid ó Stáisiún na bPóilíní. Bhí a theileascóp breá ina ghlac aige.

Chuir clingeadh an ghutháin isteach ar chiúnas an tseomra. D'ardaigh sé an glacadóir.



‘Hóra hóra!’

ar seisean.

‘Agatán Sacs?’

‘Ag caint.’

‘Na póilíní anseo. Fóir!’

‘Tá’s agam. Ná bíodh inní ort!’

‘Ach — táid anseo!’

‘Tuigim.’

‘Cad is ceart dom a dhéanamh?’

‘Faic.’

‘Ach táid ag siúl i dtreo an Stáisiún na bPóilíní. Má fheiceann siad an póstaer? Raghaidh siad as a meabhair.’

‘Cuir glas ar an doras mar sin.’

‘Glas ar an — ?’

‘Cuir glas ar an doras. Déan anois é! Fanfaidh mé ar an líne.’

Ní raibh an dara suí sa bhuaile ag Antonsson ach rud a dhéanamh air. Thug sé léim as a chraiceann go dtí an doras agus chas an eochair sa ghlas. Ar ais leis faoi dheifir go dtí an guthán agus bhéic isteach sa bhéalóg:

‘Heileo?’

‘Fan ansin, ná corraigh,’ a d’ordaigh Agatán Sacs dó, ‘ní gá a bheith buartha. Táimse ag faire orthu. Feicim tríd an teileascóp iad.’

‘Ach cad is féidir a dhéanamh? Cad a thug orthu teacht go Byköping? Cad atá acu im’ choinnese?’ Bhí éadóchas tagtha ar Antonsson.

‘Éist liom go cúramach, a Antonsson. Ná déan aon ní gan labhairt liomsa i dtosach! Fág an glacadóir den ghuthán i dtreo is go bhfanfaidh ceangal eadrainn, agus tabharfaidh mise na horduithe cuí dhuit. Beidh gach rud go breá ansin.’

Chuaigh Antonsson chun na fuinneoige go ciúin is go fáilí is d’fhéach amach. Chonaic sé go raibh na coirpigh ag druidim leis an Stáisiún, céim ar chéim, agus nach stopfadh aon ní ar domhan iad.

Leag Agatán Sacs an glacadóir ar a dheasc. D'fháisc an teileascóp, nó an fadradharcán mar a thugadh a Aint Máire Treasa air, lena shúil dheas. Ba scanrúil an dreach a bhí air, chomh tiomanta is a bhí sé. Ar ndóigh, ní fhéadfadh aon ní eisean a scanrú. Dhírigh sé a aird go hiomlán ar an mbeirt amuigh ar an tsráid. Lig sé fead íseal as ansin, shuigh siar sa chathaoir eagarthóra agus ar sé de mhonabhar, a chroiméal galánta á shliocadh aige go séimh:

‘Ahá! Seo é!’

Rug sé ar an teileascóp athuair. Bhí Stáisiún na bPóilíní sroichte faoin am sin ag an mbeirt bhligiard. Go tobann, tharraing duine acu muinchille an duine eile agus dúirt rud éigin nár chuala Agatán Sacs i gceart. Bhí sé ar buile ar ndóigh, mar a bhí a fhios ag Antonsson go mbeadh.

Níor fhreagair an fear eile. Fuar a bhí a aghaidh, an drochrud go smior ann. Leag sé síos a mhála taistil, d'ardaigh a lámh dheas agus stróic anuas an póstaer.

Chonaic Antonsson an obair sin go léir. Bhí sé ar crith, ar nós glóthaí.

‘Cad a dhéanfaidh mé anois?’ ar sé de bhéic isteach sa bhéalóg.

‘Faic.’

D'fhéach an bheirt a bhí ar an gcosán suas síos an tsráid, faoi mar a bheadh rud éigin á lorg acu. An té a raibh mapa an domhain aige, leath sé amach arís é. Tar éis dó é a iniúchadh go cúramach ar feadh tamaillín trína ghloine mhéadaithe, dhírigh sé ar oifigí an *Byköpings Post*.

Trasna na sráide ansin leo. Ba léir go raibh plean aicsin á leanúint acu. Ní raibh aon siar is aniar ag baint leo.

Bhaineadar amach príomhdhoras an *Byköpings Post*. Dheineadar moill bheag. Ar cheart dóibh dul isteach san fhoirgneamh ón tSráid Ard, nó siúl timpeall go dtí an cúl?

B'in an chéad uair dóibh le fada a bheith i ngalar na gcás. An é go raibh amhras anois orthu agus uair na cinniúna tagtha?

Díreach ansin, chualathas guth. Guth údarásach. Ba dheacair a dhéanamh amach cad as ar tháinig an guth. Ní raibh radharc ar éinne. An amach as poll na heochrach a tháinig sé? Nó ón lampa a bhí ar crochadh os cionn an dorais tosaigh? Nó ó sceach na rós ar thaobh na láimhe deise den doras? Bhí scoth an Bhéarla ag an nguth dofheicthe, a dúirt:

‘Isteach libh, a fheara, le bhur dtoil. Tá Agatán Sacs ag súil libh. Gheobhaidh sibh breis treoracha nuair a bheidh sibh sa halla.’

Baineadh preab nach beag as an mbeirt is d'fhéachadar go faiteach ar a chéile.

Ansin, d'osclaíodar an doras go ciúin.